# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí - T1
# Míreanna Measúnaithe Samplacha

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## Réamhrá

Ullmhaíodh an t-ábhar eiseamláireach seo chun tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí. Cuirtear in iúl go garbh ann na cineálacha agus formáidí de mhíreanna measúnaithe a d'fhéadfaí a úsáid, chun measúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama i *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1*, ach ní áirítear ann gach cineál ná gach formáid míre a d'fhéadfaí a úsáid. Ba cheart breathnú ar na míreanna atá anseo mar shamplaí de phíosaí aonair measúnaithe; ní hionann iad agus scrúdpháipéar iomlán ná cuid de scrúdpháipéar. Ní ceisteanna iomlána, ná cuid de cheisteanna, ó scrúdpháipéar iad, agus ní dhéanann siad iarracht léiriú a thabhairt ar an gcaoi a leagfar scrúdpháipéar amach, mar shampla, ní gá gur leabhrán comhtháite a bheidh i gceist, ina bhfuil na ceisteanna agus spás do fhreagraí an scoláire.

Tá solúbthacht ag baint le gach ceann de na tascanna samplacha/féideartha seo. Is cóir iad a chur in oiriúint do riachtanais theangeolaíocha agus shochtheangeolaíocha an ranga agus na scoile. Tabhair faoi deara go n-úsáidtear ionchuir ilchineálacha teanga ar fud na dtascanna seo; tá meascán d'ábhair físe, fuaime, litríochta, neamhliteartha agus araile in úsáid mar ábhar spreagthach. Arís, níl anseo ach féidearthachtaí agus is cóir i gcónaí an t-ábhar a chur in oiriúint do riachtanais an ranga ag brath ar shuimeanna, ar aois na scoláirí féin agus ar staid na foghlama.

**Tá na hábhair seo a leanas le húsáid ag múinteoirí agus ag seirbhísí tacaíochta amháin. Níl cead iad a athfhoilsiú nó iad a atáirgeadh ar dhóigh ar bith, (c) CNCM, 2022. Gach ceart ar cosaint.**

## Éist agus Freagair

### Tasc 1

Éist leis an mír seo ó Raidió na Gaeltachta.

1) Cén ócáid phoiblí a tharlaíonn ar fud na tíre um Nollaig?

---

2) Breac síos na dátaí a mbeidh na hócáidí carthanachta seo ar siúl:

| | |
|---|---|
| Darkness into Light | |
| Tour de Loch Corrib | |
| Comórtas Gailf i mBearna | |

3) Cad atá ar intinn ag Mary Connell a dhéanamh?

---

---

## Éist agus Freagair

4) Sa mhír seo ón raidió, luadh na focail nó na téarmaí atá sa ghreille thíos.

(a) Cuir na focail agus na téarmaí seo in abairtí nua.

Mura dtuigeann tú na focail nó téarmaí seo, téigh chuig an bhfoclóir (ar líne nó crua) agus cuardaigh brí na bhfocal.

| | |
|---|---|
| go deimhin | |
| á chur ar bun | |
| eagraíocht | |

(b) Agus tú ag cur le do chuid Gaeilge, ainmnigh acmhainn ar leith a chabhraíonn leat teacht ar thuiscint ar théarmaí nó ar fhocail nua. Céard iad na buntáistí a bhaineann leis an acmhainn sin?

Ainm na hacmhainne:

___

Buntáistí na hacmhainne:

___

5) Is léir ón mír raidió go mbíonn lear mór imeachtaí carthanachta ar siúl in Éirinn gach bliain. Déan cur síos ar imeacht carthanachta a tharla i do scoil nó i do cheantar. Déan plé air sin le comhscoláire.

***Ábhar machnaimh:***

- *an cineál imeachta a eagraíodh*
- *céard a tharla ag an imeacht carthanachta?*
- *cé hiad na daoine a bhí páirteach ann?*
- *an obair a dhéanann an grúpa carthanachta sin*
- *an chúis gur roghnaíodh an grúpa carthanachta sin.*

## Pléigh agus Scríobh

6) Éist leis an mír seo ón raidió arís. Roghnaigh ócáid amháin atá luaite sa mhír. Dear póstaer (ar pháipéar nó go leictreonach ag úsáid acmhainní digiteacha) a bheadh oiriúnach don ócáid. Bí cruthaitheach agus samhlaíoch le do phóstaer.

***Ábhar machnaimh:***

- *cum teideal agus mana don ócáid*
- *luaigh sonraí na hócáide ar an bpóstaer*

7) Éist siar leis an mír ón raidió arís. Ag obair i mbeirteanna le comhscoláire, scríobh fógra raidió nó teilifíse a mhaireann thart ar nóiméad ag fógairt na hócáide thuas.

(a) Roghnaígí ról an duine; láithreoir agus aoi.

(b) Déanaigí plé ar script ghairid don chomhrá raidió nó teilifíse.

***Ábhar machnaimh:***

- *Cén stór focal atá ag teastáil? Aimsigh focail agus téarmaí oiriúnacha atá agat i do loga foghlama agus i do phunann.*
- *Céard iad na ceisteanna a chuirfidh an láithreoir?*
- *Cén t-eolas a bheidh ag an aoi? Céard iad sonraí na hócáide?*

(c) Scríobhaigí amach an script don fhógra raidió nó teilifíse.

(d) Cleachtaigí an fógra os ard le chéile agus ansin déanaigí bhur bhfógra raidió nó teilifíse a thaifeadadh mar ghearrthóg fuaime nó físe agus roinnigí leis an rang é.

## Pléigh

8) Ceann de na téamaí a phléitear sa mhír seo ón raidió ná daoine ag cabhrú lena chéile chun tacú le carthanachtaí.

(a) Roghnaigh gearrscéal nó úrscéal a léigh tú le linn do chúrsa Gaeilge, inar chabhraigh carachtar amháin le carachtar eile ann.

(b) Ag obair i mbeirteanna, déanaigí plé le chéile faoi bhur rogha féin agus tugaigí cuntas dá chéile ar an gcaoi ar chaith an bheirt charachtar lena chéile.



***Ábhar machnaimh:***

- *Ainm agus údar an scéil*
- *Cur síos ar thréithe na gcarachtar atá roghnaithe agat*
- *An chaoi ar chabhraigh carachtar amháin le carachtar eile*
- *An chúis gur roghnaigh tú an gearrscéal nó an t-úrscéal sin a léamh*
- *An chaoi a ndeachaigh an carachtar i bhfeidhm ortsa.*

## Éist, Breathnaigh agus Freagair

### Tasc 2

Beidh tú ag féachaint ar agus ag éisteacht le Sláine Ní Chathalláin agus í ag cur síos ar an gcaidreamh atá aici lena seanmháthair sa bhfíseán seo.

***Nasc:*** https://vimeo.com/504782283/4892f3246f

1) Éist leis an agallamh agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

(a) Luaigh rud amháin a dhéanann Sláine agus a máthair chríonna nuair a bhíonn siad amuigh lena chéile.

________________________________________

(b) Cén sórt foirgnimh é ‘Strand House’ sa Daingean?

________________________________________

(c) Cén t-ainm eile a thugann a máthair chríonna ar Facebook?

________________________________________

(d) Luaigh dhá rud a labhraíonn a máthair chríonna fúthu ag sochraid.

(i) ________________________________________

________________________________________

(ii) ________________________________________

________________________________________

(e) Luaigh rud amháin nach bhfuil spéis ag Sláine ann.

________________________________________

## Éist agus Freagair

(f) Féach ar an bhfíseán seo arís. Deir Sláine go bhfuil caidreamh maith aici lena máthair chríonna. Tabhair dhá shampla ón bhfíseán a léiríonn an dea-chaidreamh sin.

(i) ________________________________________

(ii) ________________________________________

## Taighde

2) (a) Cén chanúint atá ag Sláine?

(b) Luaigh tréith amháin a chuireann in iúl an chanúint sin.

(c) An bhfuil aon rud i do phunann agat a thabharfaidh cabhair duit a canúint a aithint?

(d) Téigh ar líne agus faigh acmhainn a chabhraíonn leat tuiscint a fháil ar na canúintí.

(e) An mbíonn deacrachtaí agat canúintí áirithe a thuiscint? Déan machnamh air seo i dtosach agus ansin cas leis an duine in aice leat agus labhair leis faoi.

## Léigh agus Pléigh

3) '...an ndúirt sí faic *funny* inniu?' a deir Sláine sa chomhrá.

Seo thíos samplaí eile de chódmheascadh ó www.ceacht.ie, nuair a mheascann duine Béarla agus Gaeilge.

Tá boladh *beautiful* ann.

Cén chaoi a bhfuil tú ag *feel-áil*?

Tá sé *shocked*.

Tá sé *mad*.

Tá sí *kind of annoyed*.

Tá sí ag breathnú *shocked*.

Tá sí *confused*.

Tá sé *angry*.

Tá sí *surprised*.

(a) Tá roinnt focal i mBéarla sna habairtí thuas. Cén éifeacht atá acu ar na habairtí, dar leat? An gceapann tú gur samplaí den ghnáthchaint iad seo? Déan é a phlé le comhscoláire.

Cén Ghaeilge atá agaibh féin ar na samplaí thuas?

(b) Téigh siar ar d'obair féin sa phunann. An bhfuil samplaí agat féin ann de chódmheascadh? Déan plé le comhscoláire ar an gcúis go ndearna tú an códmheascadh sin.

4) (a) Ag obair i ngrúpaí beaga, déanaigí plé ar chódmheascadh. An dtugann sé cúnamh duit féin agus tú i mbun cainte? An mbaineann míbhuntáistí leis an gcódmheascadh a úsáid, meas tú?

(b) Breac síos na mórphointí ón bplé eadraibh i do phunann nó i do dhialann machnaimh.

## Abair

5) An bhfuil aithne agat ar dhuine nó ar chara leat, a labhraíonn teanga eile seachas Gaeilge nó Béarla sa bhaile? Labhair leis ar éifeacht na teanga eile sin ar a chuid Gaeilge.

***Ceisteanna spreagtha:***

- *An meascann tú an Ghaeilge le teanga eile? An úsáideann tú focail as teanga eile agus tú i mbun cainte as Gaeilge?*
- *Cén sórt focal agus téarmaí a mheascann tú?*
- *Conas a mhothaíonn tú nuair a mheascann tú na teangacha?*

6) Feictear roinnt difríochtaí idir saol Shláine agus saol a máthar críonna san agallamh. Ba mhaith leat féin agallamh a chur ar sheanduine nó ar dhuine fásta, i do scoil nó lasmuigh de, faoin saol a bhíodh aige le linn a óige.

(a) Smaoinigh ar dhuine a d'fhéadfaí a chur faoi agallamh. Cum trí cheist ba mhaith leat a chur ar an duine seo faoina óige.

***Ábhar machnaimh:***

- *Cum ceisteanna samplacha ar: caitheamh aimsire, a óige, a laethanta scoile, a cheantar dúchais, an Ghaeilge sa cheantar nó sa bhaile agus araile...*

(b) Cas chuig an duine in aice leat agus pléigí bhur gcuid ceisteanna. An bhfuil meascán de chineálacha ceisteanna agaibh, .i. ceisteanna oscailte agus ceisteanna dúnta?

- ceisteanna dúnta, m.sh. ar imir tú Cluedo nuair a bhí tú óg?
- ceisteanna oscailte m.sh. inis dom faoi na cluichí a d'imir tú nuair a bhí tú óg.

Bunaithe ar an aiseolas ó do chomhscoláire, an ndéanfaidh tú athruithe ar do cheisteanna?

(c) Déan na socruithe cuí leis an duine atá tú chun agallamh a chur air.

(d) Déan taifeadadh ar an agallamh leis an duine sin.

(e) Agus tú ag smaoineamh siar ar d'agallamh, an bhfuil tú sásta leis na ceisteanna a d'úsáid tú? An ndéanfá aon athrú breise ar do cheisteanna?

(f) Éist le hagallamh a rinne scoláire eile sa rang. Tabhair aiseolas don scoláire sin faoina agallamh.

## Abair

7) Le do rang cuirigí na hagallaimh go léir le chéile i mbailiúchán ar smaointe faoi na laethanta fadó.

(a) Éist leis an agallamh a ndearna tú taifeadadh air. Scríobh script an agallaimh don bhailiúchán.

(b) Céard iad na deacrachtaí a bhí agat agus tú ag scríobh amach script an agallaimh?

## Taighde

8) Luann Sláine an phiseog thíos atá ag a máthair chríonna a bhaineann le sochraidí.

*"Gan a bheith ag feadaíl istoíche ar eagla go dtiocfadh na síoga chun thú a bhailiú."*

(a) Déan taighde ar phiseoga ó do cheantar féin ar an ríomhaire nó trí cheisteanna a chur ar dhaoine i do mhórthimpeall.

(b) Cuir torthaí do thaighde i láthair don rang trí do rogha formáide:

- ar ghrafaic faisnéise
- i gcuntas béil
- ar leathanach idirlín

(c) Agus tú ag smaoineamh siar ar an bpíosa taighde seo ar phiseoga, an gcuirfeá i do phunann é? Mínigh an chúis go gcuirfeá nó nach gcuirfeá i do phunann é.

## Éist agus Léigh

### Tasc 3

1) Éist leis an scéal 'Liam na Sopóige' atá ar fáil ar www.tuairisc.ie agus léigh an leagan athscríofa den scéal.

Nasc: https://tuairisc.ie/litriocht-bheil-liam-na-sopoige/

**Tuairisc.ie**

**Liam na Sopóige**

Bhí gabha ina chónaí in Éirinn i bhfad ó shin darbh ainm Liam. Bhí sé ina chónaí leis féin. Ní raibh a dhath idir é féin agus an saol ach cathaoir, crann úll agus bosca beag adhmaid. Bhí sé iontach tugtha don ól. Lá amháin bhí sé ag gabháil thart le teach tábhairne agus bhí a theanga amuigh le tart. Ba mhaith leis gloine uisce beatha a fháil ach ní raibh oiread agus pingin rua aige. "Ach," ar seisean, "níl de dhíth orm ach scilling ach dhíolfainn m'anam leis an diabhal dá dtabharfadh sé scilling amháin dom a gheobhadh gloine uisce beatha dom." D'amharc sé ar an urlár agus chonaic sé scilling caite ann. Thóg sé an scilling, chuaigh isteach go teach na tábhairne agus d'ól gloine bhreá. Ansin thug sé a aghaidh ar an bhaile.

Cé a bhí istigh sa cheárta ach Naomh Peadar agus capall leis faoi choinne crúite a fháil air. Thosaigh Liam ar an obair agus ba ghairid go raibh na crúite ar an gcapall. Nuair a bhí sé réidh, arsa Naomh Peadar, "tá trí achainí le fáil agat anois". "Bhal," arsa Liam, "tá crann úll agam agus bíonn an t-aos óg ag tabhairt leo na n-úll agus is í an achainí atá mé a iarraidh duine ar bith a leagfaidh a lámh air é a cheangal dó nó go scaoilfeadh mise é." "An dara ceann," ar seisean, "má shuíonn duine ar bith ar mo chathaoir gan é a bheith ábalta bogadh go ligfidh mé chun siúil é." "An tríú ceann," ar seisean, "gach ar bith a rachaidh isteach i mo bhosca gan é a fháil amach go mbainfidh mise amach é." "Tá sin le fáil agat," arsa Naomh Peadar, "ach is olc a rinne tú gan aon cheann acu a iarraidh do d'anam."

Nuair a d'imigh Naomh Peadar cé a tháinig isteach ach an diabhal, péire adharc air agus é ag tarraingt slabhra iarainn ina dhiaidh.

"Tá do chuid ama thuas," arsa an diabhal, ó tharla gur dhíol tú tú féin liomsa." "Maith go leor," arsa Liam, "tá mé sásta." D'iarr sé ar an diabhal dul amach go dtí an crann úll, úlla a bhaint dó féin agus ceann dósan a bheadh siad ag ithe rompu ar an mbealach. Amach leis an diabhal faoi choinne na n-úll ach níor luaithe a leag sé a lámh ar an gcrann ná ceapadh é agus ní rabh sé ábalta bogadh. "Anois," arsa Liam, "beidh tú ansin go scaoilfidh mise tú agus beidh sin tamall maith." "Má scaoileann tú mé," arsa an t-ógánach, "ní thiocfaidh mé faoi do chomhair go cionn fiche bliain." Scaoil an gabha é agus d'imigh sé.

Nuair a bhí na fiche bliain caite tháinig an diabhal athuair. Bhí Liam ina shuí ag ithe a dhinnéir. "Cinnte beidh tú liom an iarraidh seo," arsa an diabhal. "Suigh ar an gcathaoir go raibh mo dhinnéar ite agam," arsa Liam. Shuigh an diabhal, agus nuair a bhí Liam réidh d'iarr sé air teacht leis ach nuair a thug an diabhal iarraidh éirí ní raibh sé ábalta nó bhí sé gafa.

Éist agus Léigh

## Tuairisc.ie

"Caithfidh tú fanacht ansin go scaoilfidh mise thú," arsa an gabha, "agus beidh fanacht fada ort." "Fanfaidh mé ar siúl uait go ceann fiche bliain eile," arsa an diabhal, "má ligeann tú ar shiúl mé." Thug Liam ceann a chinn dó agus d'imigh sé.

I gceann fiche bliain d'fhill an diabhal ar ais agus iomlán a raibh de dhiabhail bheaga in ifreann leis. "Imeoidh tú inniu ar scor ar bith," arsa an diabhal le Liam.

"Imeoidh," arsa Liam, "gabhaigí isteach." Caidé a bhí sa doras ach an bosca. Nuair a tháinig na diabhail isteach ceapadh iad sa bhosca agus ní raibh siad ábalta teacht amach.

Chuir Liam an clár ar an mbosca agus ar seisean, "ní bhfaighidh sibh amach as sin a choíche." "Má ligeann tú cead ár gcinn linn," ar siadsan, "ní thiocfaidh muid faoi do choinne choíche." Thóg Liam an clár den bhosca agus d'imigh siad uilig.

Ní raibh sé i bhfad ina dhiaidh sin go bhfuair Liam bás agus siúd suas é ag tarraingt ar na flaithis. Bhí Naomh Peadar ar an ngeata agus d'iarr Liam air é a ligean isteach. "Is fada díolta leis an diabhal thú," arsa Naomh Peadar, "agus caithfidh tú dul chuige anois." D'imigh sé ag tarraingt ar ifreann agus nuair a chonaic na diabhail ag tarraingt orthu é dúirt siad go bhfuair siad a sáith de agus é a choinneáil amach uathu. Chaith siad amach sop chuige agus an sop lasta. D'imigh sé leis ansin agus sin an rud a d'fhág Liam na Sopóige ar shiúl ó thom go tom agus solas leis, ón lá sin go dtí an lá inniu.

***Niall Shéimisín Ó Domhnaill, 82, Doire na Mainséar***

## Abair agus Pléigh

2) (a) Ba mhaith leat féin an scéal seo a insint mar chuid d'fhéile scéalaíochta. Déan taifeadadh fuaime ort féin ag insint an scéil.

(b) Iarr ar do chomhscoláire éisteacht le do phíosa taifeadta. Faigh moladh amháin uaidh chun do phíosa a fheabhsú, ag machnamh ar do thuin cainte, ar bhéim do chuid chainte agus ar fhuaimniú nádúrtha na bhfocal.

(c) Éist le taifeadadh do chomhscoláire agus tabhair moladh dó faoi.

(d) Scríobh nóta machnamhach i do loga foghlama ar an méid a d'fhoghlaim tú ón tasc thuas.

***Ábhar machnaimh:***

- *focail nó nathanna nua*
- *tréithe na canúna*
- *fuaimniú na bhfocal*
- *rialacha gramadaí*
- *tréithe na litríochta béil*

3) Is sampla é 'Liam na Sopóige' de litríocht áitiúil ó cheantar iarthuaisceart Dhún na nGall.

(a) Téigh ar www.duchas.ie agus aimsigh scéal ó do cheantar féin.

(b) Tabhair achoimre ar an scéal a roghnaigh tú ó do cheantar féin i d'fhocail féin. Faigh cabhair ó chomhscoláire.

(c) Roinn d'achoimre leis an rang.

***Ábhar machnaimh:***

- *ainm an scéil*
- *an ceantar arbh as an scéal*
- *príomhtheachtaireachtaí an scéil*

## Scríobh

4) Smaoinigh ar scéal a bhaineann leis an litríocht áitiúil a chuala tú nó a léigh tú a thaitin nó nár thaitin leat. Déan cur síos gairid ar an scéal i d'fhocail féin agus mínigh cén fáth ar roghnaigh tú an scéal áirithe sin.

## Pléigh

5) Tá samplaí d'agallaimh beirte agus lúibíní ar fáil ar www.molscéal.ie.

(a) Le scoláire eile roghnaígí agallamh beirte nó lúibín amháin agus breathnaígí air.

(b) Is seánraí faoi leith den litríocht bhéil iad an t-agallamh beirte agus an lúibín. Breathnaígí arís ar bhur rogha díobh agus déanaigí liosta de thréithe an tseánra sin le samplaí cuí ó bhur rogha agallamh beirte nó lúibín.

(c) Cumaigí agallamh beirte nó lúibín ar bhur rogha ábhar le cur os comhair an ranga.

(d) Déanaigí machnamh ar an agallamh beirte nó lúibín tar éis é a chur ar siúl sa rang.

***Ábhar machnaimh:***

- *An raibh sibh sásta leis?*
- *Ar thaitin sé leis an rang?*
- *Cén aiseolas a fuair sibh ón rang?*
- *An mbeadh sibh sásta é a dhéanamh i gcomórtas cosúil leis an Oireachtas?*
- *Conas is féidir libh an t-agallamh beirte nó an lúibín a fheabhsú?*

## Éist agus Pléigh

### Tasc 4

*Nasc:* https://bit.ly/3IkbzeQ

Éist leis an amhrán 'Ar Ais go Gaoth Dobhair' le hEmma Ní Fhíoruisce.

1) Roghnaigh teachtaireacht amháin atá san amhrán a thaitníonn leat. Déan plé le comhscoláire ar an gcúis gur roghnaigh tú an teachtaireacht áirithe sin.

2) Dear póstaer bunaithe ar an amhrán (úsáid áiseanna/aipeanna digiteacha má tá fáil agat ar a leithéid).

3) San amhrán deirtear "Is mé ag amharc amach"

(a) An bhfuil bealaí eile leis an rud céanna a rá sna mórchanúintí eile?

(b) Is sampla é seo de chanúint Uladh. Tá go leor samplaí eile de seo ann. Féach ar na frásaí/focail thíos. Céard a deirtear i gcanúint na Mumhan agus i gcanúint Chonnacht?

| Frása/Focal | Canúint na Mumhan | Canúint Chonnacht |
|---|---|---|
| Achan | | |
| Bomaite | | |
| Caide mar atá tú? | | |

(c) An bhfuil samplaí eile mar seo ar eolas agat? Déan plé orthu le comhscoláire.

## Pléigh

4) (a) An mbíonn deacrachtaí agat canúintí eile a thuiscint? Déan machnamh air seo i dtosach agus ansin déan plé air le comhscoláire.

(b) Éist le tuairim do chomhscoláire ar an gceist. Scríobh nóta gairid isteach i do phunann teanga faoin gcomhrá a bhí agat leis.

## Scríobh

5) Is grá don cheantar atá léirithe san amhrán seo. An bhfuil aon amhrán ar eolas agat ó do cheantar féin nó ceantar eile ina bhfuil an téama céanna ann? Scríobh cuntas ar théama an amhráin sin.

## Éist agus Breathnaigh, Pléigh agus Scríobh

6) Éist le Sibéal Ní Chasáide ag déanamh cur síos ar amhránaíocht ar an sean-nós.

*Nasc*: https://www.meoneile.ie/cultur-agus-ealain/sibeal-ni-chasaide-ag-tradfest-2020

(a) Éist agus freagair na ceisteanna tuisceana/eolais thíos:

i) Cén ról a bhí ag an DKIT Ensemble?

ii) Cá raibh an Tradfest ar siúl?

iii) Cathain a eisíodh an t-albam agus cén t-ainm atá air?

iv) D'éirigh le Sibéal ceol a chasadh in go leor áiteanna difriúla ar fud na cruinne. Ainmnigh dhá áit.

v) Céard iad na rudaí atá tábhachtach do Shibéal ina saol?


(b) Ag obair le comhscoláire scríobhaigí achoimre ghairid ar ábhar na físe seo.

7) Ag breathnú siar ar cheisteanna 6(a) agus 6(b) thuas, cé acu is deacra – éisteacht chun tuairim an-ghinearálta a fháil nó éisteacht i gcomhair mionsonraí a aimsiú? Cé acu ceann is tairbhí agus sibh ag foghlaim teanga, dar libh? Déanaigí plé air seo i ngrúpaí.

## Scríobh

8) Tar éis duit éisteacht leis an agallamh le Sibéal Ní Chasaide, téigh ar líne agus déan taighde uirthi. Cruthaigh peannphictiúr nó próifíl fúithi do na meáin shóisialta.

## Taighde




9) Is as Gaeltacht Rath Chairn Sibéal agus is as Gaoth Dobhair Emma.

(a) Roghnaigh ceantar Gaeltachta amháin agus déan taighde ar an gceantar sin

(*má tá tú i gceantar Gaeltachta ná roghnaigh do cheantar féin!*)

Bain úsaid as foinsí ar líne chun tacú leat.

***Spreagcheisteanna cabhracha duit:***

- *Céard atá ar eolas agat faoin gceantar cheana féin?*
- *Céard iad na baillte nó sráidbhailte móra sa cheantar?*
- *Cé hiad na daoine mór le rá ón gceantar sin? (ceoltóirí, peileadóirí, pearsana teilifíse, polaiteoirí agus araile...)*

(b) An mbeifeá sásta an píosa taighde seo a chur i do phunann? Mínigh an chúis go gcuirfeá nó nach gcuirfeá i do phunann é.

10) Tá go leor seanfhocal agus nathanna bunaithe ar an gceol.

(a) Seo ceann: 'Tá do phort seinnte'. Céard a chiallaíonn an nath seo? An bhfuil bealaí eile chun an nath cainte sin a rá?

(b) An bhfuil aon sheanfhocail eile ar eolas agat, nó atá i do loga foghlama nó i do phunann, a bhaineann le ceol?

(c) Déan cuardach ar líne ar sheanfhocail eile a bhaineann le ceol, nó faigh seanfhocail ó dhaoine sa scoil nó sa cheantar mórthimpeall. Cuir na seanfhocail nua i do loga foghlama.

## Pléigh

11)Tá Sibéal ag labhairt ar thábhacht an cheoil ina saol san agallamh thuas.

(a) An bhfuil spéis agat féin sa cheol? Mura bhfuil, céard is spéis leat? Labhair leis an duine in aice leat faoi.

(b) Céard iad na deiseanna a bhíonn ar fáil duit chun na scileanna sin a fhorbairt agus a léiriú? Mar shampla ranganna/ ceachtanna, club óige, ceolchoirmeacha, comórtais, taispeántais srl.

12) Chualamar logainmneacha áitiúla san amhrán 'Ar Ais go Gaoth Dobhair'. Roghnaigh logainm amháin ón amhrán.

(a) Déan taighde ar an logainm sin ar www.logainm.ie. Déan plé le comhscoláire ar an eolas a fuair tú amach.

(b) Éist le fuaimniú an logainm sin ar www.logainm.ie.

(c) Déan cleachtadh ar an logainm sin a rá os ard.

## Pléigh

13) Ba mhaith le do rang pacáiste eolais digiteach faoin gceantar a chur le chéile a bheadh cabhrach do dhuine a bhogann isteach sa cheantar nó a thagann abhaile arís chuig an gceantar mar atá luaite san amhrán 'Ar Ais go Gaoth Dobhair'.

(a) Téigí i mbun cainte le duine sa cheantar chun tuilleadh eolais a fháil don phacáiste eolais digiteach. Is féidir, mar shampla, eolas a fháil ar:

- logainmneacha na háite
- stair na háite
- imeachtaí cultúrtha an cheantair
- seirbhísí an cheantair
- duine cáiliúil/daoine cáiliúla ón gceantar

(b) Dearaigí leathanach idirlín don phacáiste eolais digiteach.

***Ábhar machnaimh:***

- *Céard a chuirfidh sibh sa phacáiste?*
- *Céard atá ar fáil sa cheantar?*
- *Céard a mheallfadh duine go dtí an áit?*

## Gearrscannán

### Tasc 5

*Nasc*: https://vimeo.com/224128322

Beidh tú ag féachaint ar ghearrscannán ar ball. Féach ar an íomhá shocair thíos.

1) Ag obair le comhscoláire déan iarracht scéal/téama an scannáin a thuar.




***Ábhar machnaimh:***

- *Cá bhfuil an fear faoi láthair?*
- *Céard atá le feiceáil san áit sin?*
- *Cén fáth go bhfuil an fear san áit sin, dar leat?*
- *An bhfuil aon duine leis, meas tú?*
- *Cad iad na mothúcháin atá le sonrú?*

## Breathnaigh agus Scríobh

2) Féach ar an mblaisín seo ón ngearrscannán 'Native' anois (faoi dhó más gá). Níl aon chaint le cloisteáil sa bhlaisín seo.

An féidir leat monalóg an phríomhcharachtair a scríobh amach? I do thuairimse, cad iad na smaointe a bhí ag rith leis nuair a bhí sé:

- ag an mbusáras
- ar an mbus
- faoin tuath
- gan léine air.

## Léigh agus Scríobh

3) Tá ort léirmheas a scríobh ar ghearrscannán nó ar dhráma Gaeilge d'iris na scoile. Chun tacú leat tabhairt faoin obair seo bain triail as na tascanna thíos.

Tá an-chuid léirmheasanna scannán ar an idirlíon. Aimsigh ceann agus tabhair faoi deara an stíl agus na topaicí a phléitear ann. Cad iad na tuairimí a nochtann an léirmheastóir i leith an scannáin? Má tá an scannán atá idir chamáin sa léirmheas feicthe agat, an aontaíonn tú leis na tuairimí seo? Muna bhfuil sé feicthe agat an spreagfadh an léirmheas tú chun dul ag féachaint air? Cén fáth?

Seo léirmheas ar an bhfadscannán Gaeilge 'Arracht' le Breandán Mac Gearailt tógtha ó www.tuairisc.ie. Éist leis an léirmheas agus déan é a léamh.

*Nasc*: https://vimeo.com/505286031/ab9af0a2a5

## Tuairisc.ie

**Taispeántas inchurtha lena bhfaighfeá in aon teanga ó Dhónall Ó Héalaí sa sárscannán 'Arracht'. Tugann Dónall Ó Héalaí ceann de na taispeántais scáileáin i nGaeilge is fearr riamh in 'Arracht' ach níl ansin ach ceann den iliomad cúiseanna ar cheart duit féachaint ar an saothar seo. Breandán M Mac Gearailt www.tuairisc.ie Iúil 15 2020**

**Arracht**

**Scríbhneoir/Stiúrthóir: Tomás Ó Súilleabháin**

**Cliar: Dónall Ó Héalaí, Dara Devaney, Saise Ní Chuinn, Siobhán O'Kelly, Eoin Ó Dubhghaill, Michael McElhatton**

Is saothar cumasach, machnamhach é Arracht, an scannán is déanaí ón scéim Cine4. Déantar cíoradh anseo ar eispéireas fear aonair i gConamara i rith an Ghorta Mhóir ar shlí ealaíonta, ach réalaíoch. Is léir ón tús go raibh fís faoi leith ag an scríbhneoir agus stiúrthóir Tomás Ó Súilleabháin agus chloígh sé leis an bhfís sin i gcaitheamh an scannáin.

Tá réalachas iontach sa scannán mar aon le carachtair théagartha, aisteoireacht den chéad scoth agus script chumasach. Ní haon iontas gur roghnaigh IFTA an scannán seo le dul san iomaíocht do dhuais Oscar.

Léigh agus Scríobh

## Tuairisc.ie

Fear seiftiúil é Colmán Ó Searcaigh (Ó Héalaí) atá in ann a chrústa a thuilleamh ar mhuir is ar thalamh i gConamara sna 1840idí. Cuirtear inár láthair é mar dhuine beagfhoclach, gruama, ach is duine uasal, stuama é lena chois sin. Maireann sé ón lámh go dtí an béal go socair sásta i scioból beag lena bhean agus a mac. Tá atmaisféar tuarúil le tabhairt faoi deara ón tús, áfach, agus fios againn go bhfuil an drochshaol ag teacht go leac an dorais chucu.

Tagann Patsy Kelly (Devaney) go dtí an ceantar agus iarrann an sagart ar Cholmán lámh chúnta a thabhairt dó. Fásann cairdeas eatarthu. Tá cíos na talún ag luí ar Cholmán agus tá na prátaí ag teip. Tugann sé cuairt ar an tiarna talún ach déanann gníomhartha fill Patsy an lasair a chur sa bharrach agus bíonn ar Cholmán dul ar a theitheadh.

Tá trí théama cniotáilte le chéile mar sin: saol Cholmáin agus é ar a theitheadh, uafás an Ghorta Mhóir agus an bhaint a bhí ag córas na dtiarnaí talún leis sin. Is é scéal aonair Cholmáin a thugann léargas dúinn ar an ainnise; níl aon radharc ar theach na mbocht, an imirce ná na corpáin. An fear aonair ag maireachtaint ar éigean agus gan ann ach an craiceann agus na cnámha. É ciaptha ag cuimhneamh ar a bhean is a mhac. An daonnacht sleamhnaithe uaidh faoi mar atá an fheoil imithe dá chnámha. Lá de na laethanta tagann sé ar chailín óg (Saise Ní Chuinn) agus tugtar ardú meanma dó mar aon le hábhar beag dóchais. Tugann cúpla radharc le carachtar Siobhán O'Kelly léargas suaite cumhachtach ar an uafás agus ar an éadóchas i measc an phobail.

Oireann tírdhreach sceirdiúil Chonamara do ghruamacht an scéil agus tá glór na gaoithe is na farraige inár gcluasa ó thús deireadh nach mór. Is léir go raibh an scríbhneoir/stiúrthóir Tomás Ó Súilleabháin agus a mheitheal ar a gcroí dícheall ag iarraidh léiriú dílis cruinn a thabhairt ar shaol na tréimhse. I gcaitheamh an scannáin feictear na carachtair ag cur prátaí, ag cur éisc ar shalann, ag búistéireacht muice, ag tógaint claíocha agus ag iascach i húicéar. Cuireann sin go mór le réalachas an scannáin, agus dá bharr, le cumhacht an tsaothair.

Tá aisteoireacht den scoth ón gcliar ar fad. Dara Devaney atá i bpáirt an bhithiúnaigh agus é ar fheabhas mar is gnáth. Tá ardtaispeantáis leis ann ó Ian McElhatton, an tiarna talún, ó Eoin Ó Dubhghaill, an deartháir agus ó bheirt aisteoirí Gaeltachta cumasacha eile, Siobhán O'Kelly, an mháthair agus Saise Ní Chuinn, an cailín óg. Dá fheabhas iad go léir, is le Ó Héalaí an scannán seo, áfach. Tugann fear Ghaeltacht Chois Fharraige taispeántas den chéad scoth uaidh agus an scannán go minic i dtaobh le ciúnas agus seatanna teanna dá chuntanós. Tá a thaispeántas inchurtha lena bhfaighfeá in aon teanga agus is cinnte go bhféadfaí cás a dhéanamh gurb é seo an taispeántas scáileáin i nGaeilge is fearr riamh.

Sin ceann den iliomad cúiseanna ar cheart duit féachaint ar an saothar seo.

*(ó Tuairisc.ie)*

## Léigh

4) Léigh an píosa os ard le comhscoláire. Duine amháin ag tabhairt faoin gcéad leath agus ansin an duine eile an dara leath.

Déanaigí plé ar na tréithe a bhaineann le léitheoireacht mhaith.

5) An bhfuil focail nó nathanna sa phíosa seo nach dtuigeann tú?

(a) Roghnaigh roinnt focal agus nathanna nach raibh ar eolas agat roimhe seo. Cuardaigh brí na bhfocal agus na nathanna ar www.teanglann.ie nó i bhfoclóir crua

(b) Breac síos na focail nua agus an chiall a bhaineann leo i do loga foghlama.

Mar shampla:

| ***Nathanna/Focail ón téacs*** | ***Mo thuiscint ar*** |
|---|---|
| *Maireann sé ón lámh go dtí an béal* | *Níl mórán aige* |
| *Éadóchas* | *Gan dóchas a bheith agat...misneach uile caillte agat...* |

## Pléigh agus Scríobh

6) Céard atá foghlama agat faoin stíl scríbhneoireachta atá i gceist le léirmheas? Déanaigí plé air seo i ngrúpaí.

***Ábhar machnaimh:***

- *tréithe ar leith*
- *focail nó nathanna áirithe*
- *struchtúr ar leith*
- *an cineál teanga agus eolas*
- *an t-eolas a bhíonn á lorg ag léitheoirí an léirmheasa*

7) Roghnaigh gearrscannán nó dráma a ndearna tú staidéar air a chuaigh i gcion ort. Déan plé ar do rogha gearrscannán nó dráma le comhscoláire. Mínigh na cúiseanna ar roghnaigh tú an gearrscannán nó an dráma seo thar aon cheann eile.

8) Scríobh léirmheas ar do rogha gearrscannán nó dráma Gaeilge. Más mian leat an léirmheas a chur i do phunann teanga, scríobh an nóta a chuirfeá leis.

***Ábhar machnaimh:***

- *plota an ghearrscannáin nó an dráma*
- *na haisteoirí agus an aisteoireacht*
- *suíomh an ghearrscannáin nó an dráma*
- *léiriúchán an ghearrscannáin nó an dráma*

## Léigh

## Tasc 6

# Tuairisc.ie

**An lá ag Lowry agus craobh oscailte na Breataine buaite aige i bPórt Rois**

Tá Craobh Oscailte na Breataine buaite ag Shane Lowry tar éis d'fhear Uíbh Fhailí an comórtas a reáchtáladh i bPort Rois a bhuachan. Cúig bhuille faoi bhun an phar a bhí Lowry tar éis dó 72 a scóráil tráthnóna. Chríochnaigh sé sé bhuille chun tosaigh ar an Sasanach Tommy Fleetwood. Deich mbliana tar éis dó Craobh Oscailte na hÉireann a bhuachan agus é ina imreoir amaitéarach, tá Lowry ag ceiliúradh agus ceann de mhórchomórtais an ghailf buaite aige. Fad is a bhí na himreoirí eile a bhí ag súil breith ar Lowry ag streachailt sa ghaoth agus sa bháisteach, choinnigh sé an cloigeann.

Níor éirigh le duine ar bith den deichniúr ba ghaire do Lowry maidin Dé Domhnaigh an cúrsa a imirt faoi bhun an phar, rud a d'fhág go mbeadh an lá le Lowry chomh fada agus nár tharla tubaiste dó. Ceithre bhuille chun tosaigh a bhí Lowry ar maidin agus trí bhuille an bhearna ba lú a bhí aige i gcaitheamh an tráthnóna.

Níor chuir fear Uíbh Fhailí tús iontach lena bhabhta. Bhuail sé a chéad iarracht ar an gcéad pholl isteach sa bhféar fada ach d'éirigh leis críochnú le bógaí. Chuir Fleetwood deis mhaith ar éinín amú ar an bpoll céanna agus mar sin ní drochthús ar fad a bhí ann do Lowry.

Bhí dhá phar ag Lowry ar an gcéad dá pholl eile agus bhí cuma na maitheasa air nuair a d'éirigh leis éiníní a fháil ar an gceathrú poll, an cúigiú poll agus arís ar an seachtú bpoll. D'fhág sé sin go raibh an bhearna méadaithe ag Lowry go dtí sé bhuille agus é ar ar cheann na himeartha ag -18.

Ar gcúl a bhí na fir timpeall air ag dul ag an bpointe sin. Thosaigh JB Holmes sé bhuille taobh thiar de Lowry ach bhí bógaí dúbailte aige ar an gcéad pholl agus faoin am gur chríochnaigh sé, bhí 87 buille buailte aige, sé cinn déag os cionn an phar. Bhí drochthús ag Brooks Keopka chomh maith agus ceithre bhógaí aige sa chéad cheithre pholl, rud a d'fhág go raibh sé as an iomaíocht.

Ba é Fleetwood an t-aon fhear a bhí ag coinneáil le Lowry ach ní raibh sé riamh in ann brú ceart a chur air. Nuair a bhí bógaí ag Lowry ar an ochtú poll, bhí ceann ag Fleetwood chomh maith agus níor aimsigh an Sasanach ach dhá éinín i rith an lae uile.

Bhí an bháisteach ag titim agus an ghaoth ag séideadh go láidir agus ní raibh le déanamh ag Lowry ach coinneáil socair as sin go deireadh.

Bhí bógaí aige ar 11 agus arís ar 14, ach nuair a d'éirigh le Lowry éinín a fháil ar an gcúigiú poll déag cuireadh tús leis an gceiliúradh agus é sé bhuille chun tosaigh.

Is é Lowry an séú hÉireannach le ceann de mhórchomórtais an ghailf a bhuachan agus an gaisce sin déanta cheana ag Fred Daly, Pádraig Harrington, Graeme McDowell, Darren Clarke agus Rory McIlroy.

***scríofa ag Pádraic Ó Ciardha, 21 Iúil 2019 ar www.tuairisc.ie***

## Léigh agus Scríobh

1) Cas chuig an duine in aice leat agus déanaigí an t-alt a léamh os ard le chéile. Duine amháin ag tabhairt faoin gcéad leath agus ansin an duine eile.

2) Breac síos na focail agus na nathanna nach dtuigeann tú san alt thuas.
Mínigh na focail agus na nathanna nach raibh ar eolas agat roimhe seo. Is féidir leat úsáid a bhaint as www.teanglann.ie nó foclóir crua. Breac síos i do phunann teanga iad.

3) An bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach. Tabhair cúis le do fhreagra bunaithe ar fhianaise ón alt.

| | *Fíor* | *Bréagach* | *Cuir fáth le do thuairim* |
|---|---|---|---|
| Chríochnaigh Lowry 8 mbuille chun tosaigh ar Tommy Fleetwood. | | | |
| Bhí an aimsir ar fheabhas a fhad is a bhí Shane Lowry ag imirt. | | | |
| Bhí cluiche maith ag Brooks Koepka ar an lá. | | | |
| Tá Lowry i measc seachtar Éireannach atá tar éis mhórchomórtas an ghailf a bhuachan. | | | |

4) Tá líne faoi chuid de na focail nó nathanna san alt thuas. Roghnaigh trí cinn díobh.

(a) Ag úsáid foclóra, m.sh. www.teanglann.ie nó foclóir crua, mínigh na focail agus/nó na nathanna agus breac síos i do phunann teanga nó loga foghlama iad.

(b) Cuir na trí fhocal nó na trí nath atá roghnaithe agat in abairtí nua.

## Pléigh

5) Tá samplaí den Chopail san Aimsir Chaite san alt thuas, mar shampla, ba ghaire, ba lú.

(a) Cad atá ar eolas agat féin faoin gCopail? Déan plé ar an ngné seo de ghramadach na Gaeilge le comhscoláire.

(b) Cuir na habairtí seo san Aimsir Chaite ag baint úsáide as an gCopail.

| | |
|---|---|
| Is iontach an leabhar é. | |
| Ní duine spóirtiúil í. | |
| Is duine cairdiúil í. | |
| Is é an duine is airde sa scoil. | |
| Is é an t-ábhar is mó a thaitníonn liom. | |

6) "*mar sin ní **droch**thús ar fad a bhí ann do Lowry*"

Is réimír e 'droch'. Déan cuardach san fhoclóir ar shamplaí eile d'úsáid na réimíre 'droch'. Cén éifeacht a bhíonn ag an réimír 'droch' ar an bhfocal iomlán? Déan plé air seo le comhscoláire.

## Abair agus Scríobh

7) Chuir bua Lowry bród ar go leor Éireannach. Smaoinigh ar ócáid a chuir bród ort féin mar Éireannach.

(a) Déan an ócáid a phlé le comhscoláire.

(b) Cum ról-imirt, le comhscoláire, ar an tuairisc ó bhéal a dhéanfadh sibh ar an ócáid seo.

***Ábhar machnaimh:***

- *sonraí na hócáide; dáta, am, suíomh, daoine a bhí páirteach ann, srl.*
- *an t-ullmhúchán i gcomhair na hócáide*
- *na mothúcháin a bhí ann*
- *an saghas ceiliúradh a bhí ann*
- *ról-imirt atá oiriúnach don spriocghrúpa*

(c) Déanaigí taifeadadh ar an ról-imirt. Iarr ar scoláire eile éisteacht leis an taifeadadh den ról-imirt agus faighigí aiseolas uaidh.

***Ábhar machnaimh:***

- *an bhfuil an ról-imirt suimiúil?*
- *an dtugann sé tuiscint mhaith ar an ócáid?*
- *an bhfuil an fhoghraíocht agus an tuin cainte in oiriúint?*
- *an dtaitneoidh sé leis an spriocghrúpa?*

(d) Déanaigí an ról-imirt os comhair an ranga. Iarraigí ar an rang ceisteanna a chur oraibh faoin ról-imirt agus faighigí aiseolas ón rang.

(e) Agus tú ag smaoineamh siar ar an tuairisc ó bhéal agus ar an ról-imirt, an gcuirfeá i do phunann iad? Mínigh an chúis go gcuirfeá nó nach gcuirfeá i do phunann iad.

## Léigh

### Tasc 7

*Is sliocht é seo as an ngearrscéal 'An Gadaí' le Pádraig Mac Piarais.*

Chuir Antaine saint a chroí sa mbábóig sin d'Eibhlín. D'fhéach sé thar a ghualainn dheas. Ní raibh an Máistir ná an Mháistreás le feiceáil. D'fhéach sé thar a ghualainn chlé. Bhí na gasúir eile as amharc. Ní dhearna sé an dara smaoineamh. Thug sé a sheanléim den sconsa, rug ar an mbábóig, sháigh isteach faoina chasóig í, d'imigh leis thar claí amach arís, agus ghread leis abhaile.

"Tá bronntanas agam duit," ar seisean le hEibhlín nuair a ráinig sé an teach. "Féach!" Leis sin thaispeáin sé an bhábóg di.

Tháinig dath i leicne caite an chailín bhig a bhí tinn, agus tháinig solas ina súile.

"Óra, a Antaine, a ghrá, cá bhfuair tú í?" ar sise.

"Neans bheag an Mháistir a chuir chugat mar bhronntanas í," arsa Antaine.

Tháinig a mháthair isteach.

"A Mhaimín, a chuid," arsa Eibhlín, "féach an bronntanas a chuir Neans bheag an Mháistir chugam!"

"An dáiríre?" arsa an mháthair.

"Sea," arsa Eibhlín. "Antaine a thug isteach chugam anois í."

D'fhéach Antaine síos ar a chosa agus ghabh ag comhaireamh na méar a bhí orthu.

"A mhaoinín féin," a deir an mháthair, "nach í a bhí go maith dhuit! Maise, mo ghairm thú, a Neans! Rachaidh mé i mbannaí go gcuirfidh an bronntanas sin biseach mór ar mo chailín beag."

Agus tháinig deora i súile na máthar de bharr an bhuíochais a bhí aici do Neans Bheag mar gheall ar gur chuimhnigh sí ar an leanbh a bhí tinn. Cé nár fhéad sé féachaint idir na súile ar a mháthair ná ar Eibhlín le teann náire, bhí áthas ar Antaine go ndearna sé an ghoid.

Bhí eagla air a phaidreacha a rá an oíche sin, agus luigh sé ar a leaba gan phaidir. Ní fhéadfadh sé gníomh croíbhrú a dhéanamh mar ní go fírinneach a d'fhéadfadh sé a rá le Dia go raibh brón air faoin bpeaca sin. Is minic a scanraigh sé san oíche arna shamhlú dó go raibh Neans Bheag ag teacht ag iarraidh na bábóige ar Eibhlín, go raibh an Máistir ag cur na gadaíochta ina leith os comhair na scoile, go raibh urchar iontach beach ag éirí ina choinne agus Darach Bhairbre an Droichid agus na gasúir eile á ngríosú le gártha béil agus le ceol drumaí. Ach ar maidin lá arna mhárach dúirt sé leis féin: "Is cuma liom. Cuirfidh an bhábóg biseach ar Eibhlín."

***Ó Pheann an Phiarsaigh – Pádraic Mac Piarais. Cló Iar-Chonnacht, 2016***

## Léigh agus Pléigh

1) Féach ar an abairt seo ón sliocht. 'sháigh isteach faoina chasóig í, d'imigh leis thar claí amach arís, agus ghread leis abhaile'.

(a) Cén focal a chuireann píosa éadaigh in iúl?

(b) Cén focal a chuireann in iúl gur rith Antaine?

2) Cén éifeacht a bhí ag an mbabóg ar Eibhlín?

3) 'D'fhéach Antaine síos ar a chosaibh agus do ghabh ag comhaireamh na méar a bhí orthu'. Cén tuiscint a thugann an abairt seo, ar mhothúcháin Antaine faoin eachtra?

4) Cén tionchar a bhí ag a chreideamh ar Antaine?

5) Roghnaigh duine de na carachtair ón sliocht thuas, Antaine, Eibhlín nó an mháthair.

(a) Déan liosta de thréithe an charachtair sin.

(b) I ngrúpaí déanaigí liosta de na tréithe ba mhaith libh a bheith ag na daoine seo a leanas:

- Cara atá agat le fada an lá
- Múinteoir maith
- Na páistí a mbeifeá ag tabhairt aire dóibh i gcomhair airgead póca
- An duine a mbeifeá i ngrá leis

## Scríobh

6) Samhlaigh gur scríobh Antaine nó Eibhlín cuntas dialainne an lá dár gcionn.

(a) Déan plé le comhscoláire ar na tréithe a bhaineann le cuntas dialainne.

(b) Scríobh cuntas dialainne Antaine nó cuntas dialainne Eibhlín ar an lá sin.

***Ábhar machnaimh:***

- *Cá raibh tú?*
- *Conas ar bhraith tú?*
- *Cad a spreag tú?*
- *An raibh aon choimhlint intinne i gceist?*
- *Cén giúmar a bhí ort?*
- *Céard a rinne tú? Cén fáth?*
- *Conas ar mhothaigh tú faoi?*

## Abair

7) Roghnaigh téacs litríochta a thaitin nó nár thaitin leat.

(a) Léigh an téacs leis an duine in aice leat.

(b) Déan plé ar na cúiseanna gur thaitin nó nár thaitin an téacs leat.

***Ábhar machnaimh:***

- *Cén téacs litríochta atá i gceist?*
- *Cé a scríobh /a chum é?*
- *An bhfuil aon eolas sa bhreis agat faoin údar?*
- *Cad iad na fáthanna gur roghnaigh tusa nó gur roghnaigh sibhse mar rang an téacs litríochta áirithe sin?*
- *Na cúiseanna gur thaitin / nár thaitin an teacs litríochta leat.*

(c) Éist leis an duine eile ag déanamh cur síos ar a rogha téacs litríochta agus na cúiseanna gur thaitin nó nár thaitin sé leis.

(d) Ansin, ullmhaigh script duit féin agus déan taifeadadh ort féin i mbun cainte ar do rogha téacs litríochta.

(e) Roinn do thaifeadadh leis an rang. An mbeifeá sásta an taifeadadh seo a chur i do phunann? Mínigh an chúis go gcuirfeá nó nach gcuirfeá i do phunann é.

## Léigh

### Tasc 8

# Tuairisc.ie

**Rúiseach ceaptha mar an deichiú hoifigeach pleanála teanga sa Ghaeltacht.**

**An Dr. Victor Bayda. Pictiúr: Valerie Ní Shúilleabháin. Tá Victor Bayda, scoláire agus léachtóir Gaeilge as Moscó, ceaptha ina Oifigeach Pleanála Teanga in Uíbh Rathach**



Tá scoláire Gaeilge as Moscó na Rúise ceaptha ina Oifigeach Pleanála Teanga in Uíbh Ráthach chun plean teanga an cheantair sin a chur i gcrích. Is é Victor Bayda, léachtóir Gaeilge in Ollscoil Mhoscó, atá ceaptha ag Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh chun iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a chaomhnú sa cheantar agus borradh a chur athuair faoi labhairt na teanga. Thosaigh Victor Bayda, a rugadh i Moscó i 1981, ag foghlaim a chuid Gaeilge san ollscoil stáit ansin ach ba tar éis dó téarma a chaitheamh i mbun staidéir i gColáiste na Tríonóide a luigh sé isteach i gceart ar fhoghlaim na teanga. Bhain sé PhD amach dá thráchtas faoin nGaeilge agus faoin Íoslainnis agus tá sé ag múineadh na Gaeilge in Ollscoil Mhoscó le 15 bliain.

Deir sé gur ó Raidió na Gaeltachta agus TG4 a d'fhoghlaim sé go leor dá chuid Gaeilge agus is iomaí turas atá tugtha aige ar Éirinn. Bhí spéis ag Bayda i dteangacha ó bhí sé óg agus ba iad na teangacha Ceilteacha is mó a phrioc a shuim nuair a bhí sé sna déaga. Thug an Ghaeilge léargas eile ar an saol dó nuair a thosaigh sé á foghlaim, a deir sé. "Tá mé ag ceapadh gur mór is fiú Gaeilge a fhoghlaim mar is meon eile smaointeoireachta atá sa teanga agus is iontach an rud é a bheith in ann do chuid smaointe a lúbadh agus a chur in iúl ar chaoi eile seachas mar a dhéantar i mórtheangacha na hEorpa. Is mór is fiú í a shábháil go bhfanfaidh sí ina teanga bheo," a dúirt an Baydach le Tuairisc.ie.

Dúirt an Rúiseach go raibh súil aige go n-éireoidh leis na "scileanna agus na smaointe" atá aige a chur i bhfeidhm ar mhaithe le "caomhnú agus láidriú na teanga" in Uíbh Ráthach. Níor mhór don phleanáil teanga a bheith "nasctha go dlúth" le "forbairt shóisialta agus eacnamaíochta an phobail", a deir sé, go háirithe i gceantar ina bhfuil laghdú 40% tagtha ar an daonra ó lár an chéid seo caite.

## Léigh

## Tuairisc.ie

Thit líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh ó 8.5% in 2011 go dtí 6.9% in 2016, rud a fhágann go bhfuil an limistéar pleanála teanga a bheidh faoina chúram ar cheann de na ceantair Ghaeltachta is laige ó thaobh na teanga sa tír."Tá an Ghaeltacht seo lag ó thaobh na teanga de ach ón méid atá feicthe agam go dtí seo tá an Ghaeltacht seo an láidir ó thaobh fhuinneamh an phobail atá tiomanta an fód a sheasamh agus an ghaoth a chur i seolta an cheantair seo arís." Deir sé nach féidir an teanga a choinneáil beo aon áit gan toil an phobail. "Agus ní chreidim nach féidir an toil chéanna a mhúscailt," a deir sé.

"Tá go leor de múscailte cheana féin. Feicim sin in obair Chomhchoiste Uíbh Ráthaigh agus tá mé thar a bheith sásta a bheith i mo bhall anois den fhoireann iontach gníomhach tiomanta seo agus an deis a bheith agam mo chuid a dhéanamh le cur leis an obair iontach atá á déanamh acu." Is é Victor Bayda an deichiú duine atá ceaptha ina oifigeach pleanála faoin Phróiseas Pleanála Teanga sa Ghaeltacht.Ba é John Prendergast, a ceapadh ina Oifigeach Pleanála Teanga i nGaeltacht Chorca Dhuibhne i gCiarraí, an naoú duine. D'fhreastail oifigigh pleanála teanga le déanaí ar chruinniú eolais agus oiliúna i mBaile Chláir na Gaillimhe, cruinniú a d'eagraigh Údarás na Gaeltachta. Faoin gcóras pleanála teanga, a tugadh isteach faoin Acht Gaeltachta 2012, tá plean teanga le hullmhú i 26 limistéar pleanála teanga agus tá plean ullamh i leath de na ceantair sin.

***www.tuairisc.ie* 20 Feabhra 2019**

1) Léigh an t-alt os ard leis an duine in aice leat. Léadh duine amháin agaibh an chéad leath den alt agus an dara duine an dara leath.

2) Sa ghréille thíos, cuir an nath ceart leis an mbrí cheart.

| | | **Freagraí** |
|---|---|---|
| 1. an fód a sheasamh… | a. a thug sé faoi | 1 = |
| 2. an ghaoth a chur i seolta … | b. borradh a chur faoi … | 2 = |
| 3. a luigh sé isteach i gceart ar… | c. gan géilleadh | 3- |

## Pléigh

3) Céard atá ar eolas agat faoin bpleanáil teanga sna limistéir phleanála teanga?
Ag obair i mbeirteanna, déanaigí roinnt taighde ar líne faoin bpleanáil teanga. Cuirigí an t-eolas a d'fhoghlaim sibh i láthair i bhur rogha formáid.

***Acmhainní féidearthachta:***

https://udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/pleanail-teanga/

https://www.forasnagaeilge.ie/

do chomhairle chontae

na meáin shóisialta

***Ábhar machnaimh:***

- *Céard atá i gceist le plean teanga?*
- *Cén sprioc atá ag plean teanga?*
- *Cá bhfaighfeá tuilleadh eolais faoin bpleanáil teanga?*
- *Cá bhfuil na limistéir éagsúla pleanála teanga?*

4) Ba mhaith le do rang cruinniú ar líne a reáchtáil le hOifigeach Pleanála Teanga i do cheantar féin nó i gceantar eile. I ngrúpaí, déanaigí plé ar na ceisteanna ba mhaith libh a chur ar an Oifigeach Pleanála Teanga.

5) An aontaíonn tú leis an ráiteas thíos? Déan é seo a phlé le comhscoláirí agus éist lena dtuairimí faoi.
*"Tá mé ag ceapadh gur mór is fiú Gaeilge a fhoghlaim mar is meon eile smaointeoireachta atá sa teanga agus is iontach an rud é a bheith in ann do chuid smaointe a lúbadh agus a chur in iúl ar chaoi eile seachas mar a dhéantar i mórtheangacha na hEorpa. Is mór is fiú í a shábháil go bhfanfaidh sí ina teanga bheo"*

## Pléigh agus Scríobh

6) '***Is beag iad na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den chóras oideachais***'. Scríobh díospóireacht ar son an rúin seo nó ina choinne.

7) Is baill de Chomhairle na Mac Léinn sibh. Ba mhaith libh plean Gaeilge a chur le chéile chun an Ghaeilge a spreagadh sa scoil. I ngrúpaí pléigí agus cuirigí le chéile dréacht do Phlean Gaeilge na Scoile.

***Ábhar machnaimh:***

- *Céard iad na gnéithe is tabhachtaí le bheith sa phlean?*
- *An ndéanfar suirbhé ar scoláirí na scoile? Mínigh an fáth.*
- *An mbeadh aoichainteoirí ar fáil a thabharfadh treoir don phlean?*
- *Cad iad na hacmhainní eile a chabhródh leis an bpleanáil?*

8) (a) Déan plé le comhscoláire ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge i do cheantar.

(b) Déanaigí liosta bunaithe ar na cáilíochtaí seo a leanas:

- *na seirbhísí atá go maith*
- *na seirbhísí atá le feabhsú*
- *na seirbhísí atá in easnamh.*

(c)Bunaithe ar na liostaí thuas, scríobhaigí litir nó ríomhphost chuig an gComhairle Chontae ag moladh agus/nó ag cáineadh na seirbhísí trí Ghaeilge atá ar fáil sa cheantar féin.

## Tras-scríbhinní fuaime

**Tasc 2**

*A Shláine, conas a dhéanfá cur síos ar an gcaidreamh atá agat le do mháthair chríonna?*

Tá caidreamh ana-mhaith agamsa le mo mháthair chríonna, buíochas le Dia, agus déanaimid na haon rud le chéile. Bímid ag imeacht ó áit go háit, amach chun lóin is dinnéir, is…táimid ana-mhór le chéile agus réitímid ana-mhaith, cé go bhfuil, is dócha, ana-chuid eadrainn, go bhfuil sí sin i bhfad níos críne ná mise ach réitímid ana-mhaith agus ceann de na cairde is fearr atá agam is ea Nain, is dócha. Tuigeann sí rudaí nach dtuigim féin fós, is dócha, agus cuireann sí comhairle mhaith orm, so tá caidreamh ana-mhaith againn.

*Agus conas a dhéanfá cur síos ar thréithe do mháthar críonna?*

Bhuel, is dócha, 'sé an tréith is mó atá ag mo mháthair chríonna-sa ná go bhfuil sí ana-ana-ghreannmhar, agus i ngan fhios di féin atá sí greannmhar. Deir sí rudaí agus bím tite ag gáirí fúithi…agus cairde liomsa bíonn siad ag fiafraí díom 'ó cad a dúirt Nain inniu?' saghas…nó 'An ndúirt sí faic funny inniu?' agus bíonn rud éigin na haon lá, abair…Tá siopa sa Daingean agus Strand House an ainm atá air ach tugann sí sin Lee Strand air – sin bainne atá anseo againn i gCiarraí agus abair…rudaí mar sin atá chomh greannmhar…nó tugann sí Pageboy ar Facebook…so sin tréith amháin, go bhfuil sí ana-ghreannmhar.

Tréith eile atá aici, is dócha, ná go bhfuil sí ana-thógtha le sochraidí agus is breá léi a bheith ag imeacht go dtí sochraidí chun bualadh le daoine, chun labhairt le daoine mar gheall ar an té atá caillte agus cad as a thángadar, cén paróiste go mbaineadar leis, cé leis a bhíodar pósta, deartháireacha agus deirfiúracha leo a chuaigh go Meiriceá, an bhfuil siad fós ina mbeathaigh, rudaí mar sin. Ní bheadh aon spéis agamsa iontu, ach buaileann Nain le daoine ag sochraidí agus labhraíonn sí mar gheall air sin. Tréith eile atá ag Nain ná go bhfuil sí ana-thógtha leis an aimsir, rud nach bhfuil aon spéis agamsa ann – ní chuireann sé isteach ná amach orm. Ach ní labhraíonn sí mar gheall ar aon rud eile nuair a bhíonn stoirm ag teacht ach an stoirm, stoirm, stoirm agus bíonn sí ag féachaint ar an aimsir ar an teilifís, ag éisteacht leis an raidió an t-am ar fad agus cé nach bhfuil aon chumhacht aici ná ní féidir léi faic a dhéanamh mar gheall air, bíonn sí saghas…ana-thógtha leis agus ní féidir léi faic eile a dhéanamh…ní féidir léi aon rud a ithe, fiú amháin…bíonn sí chomh tógtha leis an aimsir.

*Agus cad iad na difríochtaí is mó a chíonn tú idir do ghlúin féin agus glúin do Nain?*

## Tras-scríbhinní fuaime

Ceann de na difríochtaí is mó atá idir mé féin agus Nain, is dócha, agus mo ghlúinse ná, níl aon spéis agamsa i ngaolta, ach tá ag Nain. Tá spéis aici i ngaolta dhaoine nach bhfuil aon bhaint aici leo, gan trácht ar a gaolta féin. Bíonn sí ag iarraidh a dhéanamh amach i gcónaí cé leis an fear seo atá ag pósadh nó an bhean seo atá ag pósadh nó an duine seo atá caillte nó an duine atá bogtha isteach sa tigh in aice linn, bhfuil a fhios agat, bíonn sí ag triail… ceangal, is dócha, a fháil le gach aon duine trí…cé hé an t-athair críonna nó an mháthair chríonna a bhí aici sin, an bhfuil aithne agam orthu, an raibh aithne ag mo mháthair orthu agus níl aon spéis againne sa leithéidí sin is dócha. Rud eile mar gheall ar Nain ná go bhfuil sí ana-thógtha le piseoga – dá rachadh sí go dtí sochraid anois, mar shampla, chaithfeadh sí a láimh a ní i gcónaí tar éis lámh a chroitheadh leis na daoine ag an sochraid mar go mbeadh an bás ar a láimh. Sin piseog amháin atá aici. Nó gan a bheith ag feadaíl istoíche ar eagla go dtiocfadh na sióga chun tú a bhailiú…agus creideann sí go láidir iontu. Agus is dócha go gcreidimse anois iontu toisc Nain, ach ní bheadh an oiread sin piseog agamsa is a bheadh aici.

Rud eile atá difriúil idir mé féin agus Nain ná an teicneolaíocht, is dócha. Bímse ar an nguthán an t-am ar fad agus ní bhíonn Nain agus ní thuigeann sí go bhfuil gá le ceann agus níl. Níl gá ag Nain le teicneolaíocht. SeanNokia beag atá aici agus déanann sé í agus ní thuigeann sí Facebook ná rudaí…ceapann sí gur saghas nuachtáin atá i gceist leis agus má chuireann tú pictiúr de Nain ar Facebook go mbeadh sí ar fud an domhain agus beidh.

Ach is dócha gur rud seoigh é sin agus sin difríocht ana-mhór.